C/2025/453

17.1.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11690 – ROBERT BOSCH / JCI)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/453)

1. An 8 Eanáir 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Robert Bosch GmbH ('Bosch', an Ghearmáin), faoi rialú Robert Bosch Industrietreuhand KG (an Ghearmáin),

— An gnóthas téimh, aerála agus aerchóirithe cónaithe agus tráchtála éadroime ('HVAC') a bhaineann le Johnson Controls International ('JCI', Éire), lena gcuimsítear Johnson Controls-Hitachi Air Conditioning Holding ('JCH', an Ríocht Aontaithe) Ltd, comhfhiontar idir JCI agus Hitachi, Ltd. ('Hitachi', an tSeapáin), atá gníomhach sa réimse céanna.

Gheobhaidh Bosch rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar an ngnóthas cónaithe agus tráchtála éadroime HVAC ina iomláine a bhaineann le JCI, lena gcuimsítear JCH.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthraí príobháideach é Bosch atá gníomhach ar fud an domhain agus a sholáthraíonn réitigh teicneolaíochta do réimse leathan tionscal,

— Is cuideachta phoiblí iltionsclaíoch é JCI atá gníomhach in innealtóireacht, monarú agus coimisiúnú táirgí agus córas foirgníochta, lena n-áirítear trealamh HVAC cónaithe agus tráchtála, córais chuisniúcháin thionsclaíocha, rialuithe, córais slándála, córais braite dóiteáin agus réitigh coiscthe dóiteáin.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais JCH: fearais tí a mhonarú, ag speisialú i dteicneolaíocht aerchóirithe agus fuaraithe

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11690 – ROBERT BOSCH / JCI

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) OJ C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË